Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2021
(OR. en)

10524/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0228(COD)**

**CODEC 1042**
**TRANS 456**
**FIN 569**
**CADREFIN 362**
**POLGEN 137**
**COH 33**
**ENER 316**
**TELECOM 291**
**COMPET 538**
**MI 541**
**ECO 73**
**PE 80**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 5 go 8 Iúil 2021) |

## I. VÓTÁIL

An 7 Iúil 2021, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh[1] formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 6115/2/21 REV 2.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, meastar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**(7.7.2021)**

## P9_TA(2021)0339

## An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2021 maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1316/2013 agus (AE) Uimh. 283/2014 (06115/2/2021 – C9-0214/2021 – 2018/0228(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**
*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (06115/2/2021 – C9-0214/2021),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 19 Meán Fómhair 2018[2]

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 10 Deireadh Fómhair 2018[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0438),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas na coistí freagracha faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0219/2021),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. á thabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh ón gComhairle;

3. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

4. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a bheidh sé fíoraithe go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArdrúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig

[2] IO C 440, 6.12.2018, lch. 191.
[3] IO C 461, 21.12.2018, lch. 173.
[4] IO C 158, 30.4.2021, lch. 88.

an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.